Na Cnocadóirí
Nuacht an tSamhraidh 2010

Sa nuachtlitir seo

- **Féilire: liosta imeachtaí**
- **Beárbaiciú na bliana**
- **Foireann thráth na gceist na gCnocadóirí sa chomórtas leathchraoibhe**
- **Dán: Sna Beanna Boirche**
- **Caomhnú na timpeallachta**

Turas go dtí an Bhreatain Bheag: Bealtaine 2010. Marie agus Seán i bPáirc Náisiúnta Snowdonia agus Crib Goch (an Droim Rua) sa chúlra.

Comhghairdeas le Christy, le hÉimear agus le Deaglán …

… atá páirteach sa quizchlár raidió **Buille faoi Thuairim** a bhíonn á reáchtáil ag Gael Linn. D'éirigh leo sa chéad bhabhta, agus bhain siad Craobh Laighean ina dhiaidh sin. Beidh an triúr ag dul ar aghaidh anois go dtí an comórtas leathchraoibhe, agus má bhíonn an lá leo ansin beidh siad in iomaíocht i gCraobh na hÉireann.

Beidh an dá chomórtas sin ar siúl mar chuid d'imeachtaí Oireachtas na Gaeilge i gCill Airne i mí Dheireadh Fómhair. Go n-éirí leo.

Foireann 2009: Éimear, Christy agus Fionntán

FÉILIRE AN TSAMHRAIDH/AN FHÓMHAIR

Mar is gnách ní bheidh na siúlóidí chomh rialta céanna le linn an tsamhraidh, ach tosófar ar shiúlóid gach coicís arís san fhómhar. Tá liosta dátaí thíos agus cuirfear eolas breise ar **www.cnocadoiri.com** go luath.

IÚIL

18/07 (Domhnach) Siúlóid éasca cois trá

LÚNASA:

15/08 (Domhnach) Gnáthshiúlóid mheánach

29/08 (Domhnach) Gnáthshiúlóid mheánach

MEÁN FÓMHAIR:

04/09 (Satharn) Beárbaiciú na Bliana
11/09 (Satharn) Turas go Caisleán BhÁC
12/09 (Domhnach) Gnáthshiúlóid mheánach
26/09 (Domhnach) Gnáthshiúlóid mheánach

Beárbaiciú na Bliana

De bhrí go mbíonn duine éigin ar saoire gach deireadh seachtaine sa samhradh, is ar an **4 Meán Fómhair** a bheidh an beárbaiciú i mbliana. Beidh an beárbaiciú ar siúl i dTigh Eileen i gCaisleán Cnucha. Scaipfear sonraí breise níos cóngaraí don am.

Sna Beanna Boirche

Tá na sléibhte i mo cheann
ag ardú, ag ardú, ‘s ag ardú,
Grúpa againn
ag treabhadh linn
Barr na mBeann Boirche romhainn

Sléibhte, locha, sneachta
Spéartha ársa os ár gcionn
Spás gan teorainn istigh ionainn
Cnocadóirí na Gaelainne

Gach céim chun tosaigh
an t-aer inár n-aghaidh
Anáil Dé orainn amuigh
Anáil an Spioraid Naoimh istigh
Flaithis an Nádúir
Ag fáiltiú go síoraí

Tá na sléibhte i mo cheann
is beidh i gcónaí
oilithrigh na síoraíochta sinn
is muid ag treabhadh linn
Cá bhfuil ár dtriall? Cá bhfios?
Lig do do chosa siúl
trí shléibhte an eolais

Sin í slí na Saoirse
na Sléibhte inár dteannta
‘s muid ag siúl go síoraí
ó bharr go barr na nGleannta

Le Cathal Ó Cuinn



Meabhrúchán: Caomhnú na Timpeallachta

Is ball de Shléibhteoireacht Éireann (MI) ár gclub agus de réir bheartas MI cloímíd leis na prionsabail *Leave no Trace*.

Is féidir leat eolas cuimsitheach a léamh ar **www.leavenotraceireland.org**, ach is í an bhunriail is tábhachtaí dúinne ná: **CIBÉ RUD A THUGANN TÚ LEAT GO DTÍ NA SLÉIBHTE, TABHAIR ABHAILE LEAT É I DO MHÁLA FÉIN**. Ní earraí plaisteacha amháin atá i gceist, cuimsíonn sé sin málaí tae, croíleácháin úll agus craicne bananaí agus oráistí chomh maith, mar cé go lobhann na rudaí sin thuas i ndiaidh ama, mealltar bruscar eile má chaitear timpeall ar na sléibhte iad.

Ar léigh tú an *Log*?

Tá cur síos ar thuras na gCnocadóirí go dtí na Dolaimítigh in alt spéisiúil le hEmer Ní Bhrádaigh san eagrán is déanaí den *Irish Mountain Log*. Tá léirmheas le hAonghus Ó hAlmhain ar an leabhar *Ar Muir is ar Sliabh* san eagrán céanna.

Faigheann baill an chlub an *Log* sa phost agus féadtar teacht ar iar-eagráin ar **www.mountaineering.ie.**